Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10022/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0173(NLE)**

**COEST 442**
**WTO 117**
**POLCOM 53**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 255 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Fhochoiste um Thásca Geografacha a bunaíodh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Fhochoiste um Thásca Geografacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 255 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 255 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.6.2022
COM(2022) 255 final

2022/0173 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Fhochoiste um Thásca Geografacha a bunaíodh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Fhochoiste um Thásca Geografacha**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Fhochoiste um Thásca Geografacha arna bhunú ag an gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Airméin, i ndáil le rialacha nós imeachta an Fhochoiste um Thásca Geografacha a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh beartaithe

## 2. COMHTHÉACS AN MHOLTA

### 2.1. An Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Airméin

Is é is aidhm don Chomhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Airméin ('an Comhaontú') feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht chuimsitheach, pholaitiúil agus eacnamaíoch agus an comhar idir an tAontas agus an Airméin, bunaithe ar luachanna coiteanna agus ar dhlúthnaisc, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht Phoblacht na hAirméine a mhéadú i mbeartais, i gcláir agus i ngníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Cruthaítear leis creat cumasúcháin láidir le haghaidh idirphlé polaitiúil feabhsaithe i ngach réimse leasa choitinn agus déantar forbairt dlúthchaidrimh pholaitiúil a chur chun cinn.

Leis an gComhaontú leagtar amach prionsabail agus cuspóirí ginearálta le haghaidh an chaidrimh idir an tAontas agus an Airméin agus cruthaítear struchtúr institiúideach chun an Comhaontú a chur chun feidhme.

Cuireadh i bhfeidhm go sealadach é ó bhí an 1 Meitheamh 2018 ann agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2021.

### 2.2. An Fochoiste um Thásca Geografacha

Bunaítear an Fochoiste um Thásca Geografacha le hAirteagal 240 den Chomhaontú. Déanann sé faireachán ar chur chun feidhme chosaint na dtásc geografach ar de thionscnamh an Aontais agus Phoblacht na hAirméine iad agus cuirtear dlús leis an gcomhar agus leis an idirphlé maidir le tásca geografacha.

Is é atá san Fhochoiste um Thásca Geografacha ionadaithe an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht na hAirméine. Tiocfaidh sé le chéile arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, ar bhonn idirmhalartach san Aontas Eorpach nó i bPoblacht na hAirméine. Glacann an Fochoiste um Thásca Geografacha a chinntí trí chomhthoil agus cinneann sé a rialacha nós imeachta féin.

Tá an Fochoiste um Thásca Geografacha freagrach as Iarscríbhinn IX (Cuid A agus Cuid B) agus Iarscríbhinn X a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis na tagairtí don dlí is infheidhme i ngach Páirtí, leis na heilimintí le haghaidh clárú agus rialú, agus le liosta na dtásc geografach. Tá sé freagrach freisin as faisnéis a mhalartú faoi ábhair leasa choitinn i réimse na dtásc geografach.

### 2.3. Gníomh beartaithe Fhochoiste um Thásca Geografacha

Tá an Fochoiste um Thásca Geografacha le cinneadh a ghlacadh faoina rialacha nós imeachta féin.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe na rialacha nós imeachta lena rialaítear feidhmiú an Fhochoiste um Thásca Geografacha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 240(2) den Chomhaontú.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ba cheart gurbh fhéidir rialacha nós imeachta an Chomhchoiste um Thásca Geografacha a bunaíodh leis an gComhaontú a ghlacadh.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

Le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[1].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is é atá san Fhochoiste um Thásca Geografach comhlacht arna chur ar bun leis an gComhaontú.

Is é atá sa ghníomh a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige. Tá éifeachtaí dlíthiúla ag an ngníomh atá beartaithe toisc go gcumhachtaítear an Fochoiste um Thásca Geografacha le hAirteagal 240(2) den Chomhaontú cinntí a ghlacadh atá ceangailteach ar na páirtithe.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a mholadh.

### 4.2. Bunús substaintiúil dlí

#### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús substaintiúil dlí do chinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

---

1 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2022/0173 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Fhochoiste um Thásca Geografacha a bunaíodh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Fhochoiste um Thásca Geografacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile ('an Comhaontú') thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2018/104[1] ón gComhairle, cuireadh i bhfeidhm ar bhonn sealadach é ón 1 Meitheamh 2018 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2021.

(2) De bhun Airteagal 240(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Fochoiste um Thásca Geografacha a rialacha nós imeachta féin a chinneadh.

(3) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Thásca Geografacha a bhunú a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta, ós rud é go mbeidh na rialacha sin ceangailteach ar an Aontas.

(4) Chun cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú, bá cheart rialacha nós imeachta an Fhochoiste um Thásca Geografacha a ghlacadh.

(5) Ba cheart seasamh an Aontais laistigh den Fhochoiste um Thásca Geografacha a bheith bunaithe ar na dréacht-rialacha nós imeachta atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Seasamh an Aontais laistigh den Fhochoiste um Thásca Geografacha a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtghníomh ón bhFochoiste um Thásca Geografacha atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

[1] IO L 23, 26.1.2018, lch. 1.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*